2025/1098

28.5.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/1098 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Bealtaine 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2025/1096 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria agus an 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES ([3]) tar éis ghlacadh na gconclúidí ón gComhairle inar cháin an Chomhairle an foréigean agus na sáruithe tromchúiseacha forleathana córasacha ar chearta an duine sa tSiria.

(2) An 27 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1510 ([4]) lena gcuirtear síneadh leis na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh 2013/255/CBES go dtí an 1 Meitheamh 2025.

(3) Tar éis thitim réimeas al-Assad sa tSiria, an 24 Feabhra 2025, mhaolaigh an Chomhairle roinnt bearta sriantacha de chuid an Aontais i bhfianaise na staide sa tSiria chun rannpháirtíocht leis an tír, lena muintir agus lena gnólachtaí a éascú i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus na hatógála, agus chun na hidirbhearta gaolmhara airgeadais agus baincéireachta a éascú. An dáta céanna, d'eisigh an Chomhairle dearbhú inar luadh gur cheart liostuithe a bhaineann le réimeas al-Assad, le hearnáil na n-arm ceimiceach agus le trádáil aindleathach drugaí a choinneáil ar bun.

(4) An 20 Bealtaine 2025, d'fhógair an Chomhairle a cinneadh polaitiúil deireadh a chur lena smachtbhannaí eacnamaíocha ar an tSiria, chun tacú lena muintir Siria nua, chuimsitheach, iolraíoch agus shíochánta a athaontú agus a atógáil a bheidh saor ó chur isteach eachtrach díobhálach

(5) Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle gur cheart deireadh a chur le gach beart sriantach earnála, cé is moite díobh siúd atá bunaithe ar fhorais slándála.

(6) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2013/255/CBES agus na cinntí a rinneadh sa chomhthéacs sin, an 27 Bealtaine 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/1096, lena gcuirtear síneadh le cuid de na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh 2013/255/CBES go dtí an 1 Meitheamh 2026.

(7) Ba cheart don Chomhairle an chumhacht chun an liosta in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhunú agus a leasú a fheidhmiú chun comhsheasmhacht a áirithiú leis an bpróiseas chun Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES a bhunú, a leasú agus a athbhreithniú.

(8) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a leasú dá réir,

([1]) IO L, 2025/1096, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1096/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 442/2011 (IO L 16, 19.1.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/36/oj).
([3]) Cinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L 147, 1.6.2013, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/255/oj).
([4]) Cinneadh (CBES) 2024/1510 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2024 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L, 2024/1510, 28.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1510/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

'*Airteagal 14*

1. Maidir leis na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile ar leis na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II iad nó atá faoi úinéireacht, atá á sealbhú nó atá á rialú acu, déanfar iad a reo.

2. Ní chuirfear aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis, nó do chomhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II, ná chun a dtairbhe.

3. Toirmiscfear rannpháirtíocht, idir rannpháirtíocht fheasach agus rannpháirtíocht d'aon ghnó, i ngníomhachtaí arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh, go díreach nó go hindíreach, dul timpeall ar na bearta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

'*Airteagal 15*

1. Is é seo a leanas a bheidh in Iarscríbhinn II:

(a) Is éard a bheidh in Iarscríbhinn II liosta daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintiteas agus comhlachtaí a sainaithníonn an Chomhairle ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Chinneadh 2011/782/CBES, gur daoine nó eintitis iad atá freagrach as cur faoi chois foréigneach an phobail shibhialta sa tSiria, gur daoine agus eintitis iad a thairbhigh de réimeas al-Assad nó a thacaigh leis, agus gur daoine nádúrtha nó dlítheanacha agus eintitis iad a bhaineann leo, agus nach mbeidh feidhm ag Airteagal 21 den Rialachán seo maidir leo.

1a. Áireofar sa liosta in Iarscríbhinn II freisin daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí, a sainaithníonn an Chomhairle ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Chinneadh 2013/255/CBES (*) ón gComhairle, go dtagann siad faoi cheann amháin de na catagóirí seo a leanas:

(a) mórphearsana gnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus a bhfuil nasc acu le hiar-réimeas al-Assad;

(b) daoine de theaghlaigh al-Assad nó Makhlouf;

(c) Airí Rialtas na Siria a bhí i gcumhacht idir mí na Bealtaine 2011 agus mí na Nollag 2024;

(d) baill d'Fhórsaí Armtha na Siria agus an chéim "coirnéal" agus a coibhéis, nó céim níos airde acu, agus iad sa phost sin idir mí na Bealtaine 2011 agus mí na Nollag 2024

(e) baill de sheirbhísí slándála agus faisnéise na Siria, agus iad sa phost idir mí na Bealtaine 2011 agus mí na Nollag 2024;

(f) baill de mhílístí atá cleamhnaithe le réimeas al-Assad; nó

g) baill d'eintitis, aonaid, gníomhaireachtaí, comhlachtaí nó institiúidí a oibríonn in earnáil leata na n-arm ceimiceach,

agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha agus eintitis a bhaineann leo.

1b. Ní dhéanfar daoine, eintitis ná comhlachtaí i gceann de na catagóirí dá dtagraítear i mír 1a a áireamh ná a choinneáil ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí in Iarscríbhinn II má tá faisnéis leordhóthanach ann nach bhfuil baint acu le hiar-réimeas al-Assad, nó nach bhfuil baint acu leis a thuilleadh, nó nach bhfuil tionchar acu air nó nach bhfuil fíorbhaol ann ina leith go rachaidh siad timpeall ar na bearta.

2. Cuimseofar in Iarscríbhinn II na forais leis na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann a liostú.

3. Cuimseofar in Iarscríbhinn II freisin, i gcás ina mbeidh sí ar fáil, an fhaisnéis is gá chun na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann a shainaithint. Maidir le daoine nádúrtha, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin: ainmneacha lena n-áirítear ailiasanna; dáta breithe agus áit bhreithe; náisiúntacht; uimhreacha pas agus cárta aitheantais; inscne; seoladh, más eol; agus feidhm nó gairm. Maidir le daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí, féadfaidh an méid seo a leanas a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin: ainmneacha; áit chlárúcháin agus dáta clárúcháin, uimhir chlárúcháin agus áit ghnó.';

(*) Cinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO L 147, 1.6.2013, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/255/oj)'.

(3) cuirtear Airteagal 15a isteach:

‘*Airteagal 15a*

1. De mhaolú ar Airteagal 14(1), (2) agus (3), féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit, mar a shainaithnítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn III, údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil d’eintitis a liostaítear mar Uimhir 42 agus Uimhir 43 in Iarscríbhinn II, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin a sholáthar chun comhar a bhaint amach idir na heintitis sin agus eintiteas nó comhlacht rialtais Ballstáit i réimsí na hatógála, an fhothaithe acmhainneachta, na frithsceimhlitheoireachta agus na himirce.

2. In éagmais cinneadh diúltach, iarraidh ar fhaisnéis nó fógra maidir le ham breise ón údarás inniúil ábhartha laistigh de 5 lá oibre ó dháta fála na hiarrata ar údarú faoi mhír 1, measfar gur deonaíodh an t-údarú sin.

3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 1 agus 2 laistigh de 4 seachtaine ón údarú sin.

4. Toirmiscfear rannpháirtíocht, idir rannpháirtíocht fheasach agus rannpháirtíocht d’aon ghnó, i ngníomhachtaí arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh, go díreach nó go hindíreach, dul timpeall ar na bearta dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3.’;

(4) leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) go bhfuil gá leo chun bunriachtanais daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II, agus bunriachtanais bhaill teaghlaigh chleithiúnacha na ndaoine nádúrtha sin, a chomhlíonadh, lena n-áirítear íocaíochtaí as táirgí bia, cíos nó morgáiste, cógais agus cóir leighis, cánacha, préimheanna árachais, agus muirir fóntais phoiblí;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

‘(i) tá sé beartaithe go heisiach le haghaidh íocaíochtaí a dhéanann eintitis atá faoi úinéireacht Stát na Siria, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II, thar ceann Phoblacht Arabach na Siria leis an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (ETAC) as gníomhaíochtaí a bhaineann le misean fíorúcháin ETAC agus le díothú airm cheimiceacha na Siria, lena n-áirítear go háirithe íocaíochtaí le Ciste Iontaobhais Speisialta ETAC le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le scriosadh iomlán airm cheimiceacha na Siria lasmuigh de chríoch Phoblacht Arabach na Siria.’;

(5) leasaítear Airteagal 18(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (a):

‘(a) go bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha faoi réir cinneadh eadrána a tugadh roimh an dáta a rinneadh an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 14 a liostú in Iarscríbhinn II, nó go bhfuil sé faoi réir cinneadh dlí nó riaracháin a tugadh san Aontas, nó cinneadh breithiúnach atá in-fhorfheidhmithe sa Bhallstát lena mbaineann, roimh an dáta sin nó ina dhiaidh;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (c):

‘(c) ní chun sochair duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a liostaítear in Iarscríbhinn II é an cinneadh;’

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20:

‘*Airteagal 20*

De mhaolú ar Airteagal 14 agus ar choinníoll go bhfuil íocaíocht ag duine, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn II dlite faoi chonradh nó faoi chomhaontú a thug an duine, an t-eintiteas nó an comhlacht lena mbaineann i gcrích nó arb oibleagáid í a tháinig chun cinn don duine, eintiteas nó comhlacht sin roimh an dáta a ainmníodh an duine, an t-eintiteas nó an comhlacht sin, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn III, údarú a thabhairt, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, ar choinníoll nach bhfaighidh duine nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 14 an íocaíocht go díreach ná go hindíreach.’;

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20a:

'*Airteagal 20a*

De mhaolú ar Airteagal 14, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát a shainaithnítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn III, de réir coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, aistriú cistí nó acmhainní eacnamaíocha a údarú a dhéanfaidh eintiteas airgeadais nó a dhéanfar trí eintiteas airgeadais a liostaítear in Iarscríbhinn II, i gcás ina mbaineann an t-aistriú le híocaíocht a dhéanfaidh duine nó eintiteas nach liostaítear in Iarscríbhinn II i ndáil le tacaíocht airgeadais a sholáthar do náisiúnaigh Shiriacha atá ag gabháil d'oideachas, d'oiliúint ghairmiúil nó atá i mbun taighde acadúil san Aontas, ar choinníoll gur chinn an Ballstát ábhartha, ar bhonn cás ar chás, nach bhfaighidh duine nó eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn II an íocaíocht go díreach nó go hindíreach.';

(8) in Airteagal 21c(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deiridh:

'ar choinníoll gur chinn údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha, ar bhonn cás ar chás, nach bhfaighidh aon duine nó eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn II an íocaíocht go díreach nó go hindíreach agus ar choinníoll nach dtoirmisctear an t-aistriú ar shlí eile leis an Rialachán seo.';

(9) in Airteagal 27(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) daoine, eintitis nó comhlachtaí ainmnithe a liostaítear in Iarscríbhinn II;';

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27:

'*Airteagal 27*

Toirmeascfar páirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh teacht timpeall ar fhorálacha Airteagail 2a, 3 agus 3a.'

(11) leasaítear Airteagal 32 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcás ina gcinnfidh an Chomhairle duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a chur faoi réir na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 14, leasóidh sí Iarscríbhinn II dá réir sin.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Déanfar an liosta in Iarscríbhinn II a athbhreithniú go tráthrialta agus gach 12 mhí ar a laghad.';

(12) scriostar Airteagail Articles 1a, 6, 6a, 6b, 7, 7a, 8, 9, 9a, 10, 11, 11a, 11b, 12, 13, 13a, 21, 21a, 21b, 23, 24, 25, 25a, 26 agus 26[a];

(13) scriostar Iarscríbhinní IV, Va, Vb, VI, VII, VIII, X and XI.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Bealtaine 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. SZŁAPKA